# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004**

# GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL

# PÁIPÉAR I

**(220 marc)**

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.50**

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

**Ceist 1** *agus* **Ceist 2** a fhreagairt.

**THALL →**

## CEIST 1 – CEAPADÓIREACHT– [120 marc]

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

### A - GIOTA LEANÚNACH - (60 MARC)

Scríobh **giota leanúnach** (leathleathanach nó mar sin) ar **cheann amháin** de na hábhair seo:-

(i) An cineál saoil a bheidh agam, dar liom, tar éis na hArdteistiméireachta.
(ii) An Teilifís.
(iii) Na fadhbanna (deacrachtaí) a bhíonn ag daoine óga in Éirinn inniu.

### B - SCÉAL – (60 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh **ceann** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar *thús* leis.

(i) "Bhí sé déanach san oíche. Bhíomar amuigh faoin tuath. Stop an carr. Theip ar an inneall. Bhíomar i bponc (i dtrioblóid)…"

**nó**

(ii) "Is cuimhin liom go maith an lá sin. Bhí Phil Coulter, Linda Martin agus Louis Walsh as *You're a Star* ina suí ar m'aghaidh amach. Bhí mé chun amhrán a rá…"

### C - LITIR - (60 marc)

(i) Fuair tú bronntanas iontach ó do thuismitheoirí ar do lá breithe. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat faoi sin.

**nó**

(ii) Thug d'uncail (nó d'aintín) post samhraidh duit. Ní maith leat an post sin. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig d'uncail (nó d'aintín) ag insint dó/di cén fáth a bhfuil tú chun éirí as an bpost.

### D - COMHRÁ – (60 marc)

(i) Is maith leatsa do sheomra a bheith glan agus néata. Ach bíonn leabhair, páipéir agus éadaí caite i gcónaí ar an urlár ag do dheartháir (nó do dheirfiúr). Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.

**nó**

(ii) Ba mhaith leat dul chuig na Cluichí Oilimpeacha sa Ghréig le do chairde an samhradh seo ach níl d'athair (nó do mháthair) sásta cead a thabhairt duit dul ann. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh eadraibh.


| CEIST 2 | - LÉAMHTHUISCINT - | (100 marc) |
|---|---|---|

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## CÓILÍN SEO AGAINNE



**1.** Rugadh an t-aisteoir Cóilín Séamas Ó Fearghail nó Colin Farrell ar 31 Bealtaine 1976 i gCaisleán Cnucha, Baile Átha Cliath. Ba é an duine ba óige de cheathrar clainne a rugadh d'Éamonn Ó Fearghail agus dá bhean, Rita. Imreoir sacair ab ea Éamonn a bhíodh ag imirt leis an bhfoireann, Fánaithe na Seamróige nó *Shamrock Rovers*. I dtús a óige ba mhaith le Colin a bheith ina pheileadóir cosúil lena athair ach níor thaitin an cleachtadh peile ró-mhór leis! D'fhreastail sé ar scoileanna éagsúla ach d'éirigh sé as an scolaíocht agus chuaigh sé go dtí an Astráil.

**2.** Nuair a bhí sé san Astráil ghlac sé páirt i ndráma. Thaitin an aisteoireacht chomh mór sin leis go ndúirt sé, "Tá mé chun breis den aisteoireacht seo a dhéanamh nuair a fhillfidh mé ar Éirinn". Chuaigh sé chuig Scoil Aisteoireachta an *Gaiety* ar theacht abhaile dó. Ní raibh sé ach cúpla mí sa scoil sin nuair a roghnaíodh é chun páirt Danny Byrne sa tsraith teilifíse, *Ballykissangel*, a thógáil. "Bhí an tsraith *Ballykissangel* iontach dom," a deir Colin, "mar thug sé seans dom a bheith ag aisteoireacht le cuid mhaith de mhór-aisteoirí na hÉireann agus chomh maith leis sin d'fhoghlaim mé faoi cheird na haisteoireachta." Ansin d'imigh sé go Londain.

**3.** Is aisteoir mór le rá é Colin anois ach ní cheapann sé féin go bhfuil aon rud speisialta ag baint leis. Deir sé féin go raibh an t-ádh air. "Bhí an t-ádh orm go bhfaca an t-aisteoir Kevin Spacey mé i ndráma a rinne mé i Londain agus gur inis sé do dhaoine i Los Angeles go raibh mé go maith. Bhí an t-ádh orm freisin nuair a bhuail mé leis an léiritheoir scannán, Joel Schumacher, a thug páirt dom mar shaighdiúir sa scannán, *Tigerland*." Chomh maith leis sin, bhí ar an aisteoir, Ed Norton, éirí as an scannán, *Hart's War*, agus tugadh an pháirt sin do Cholin.

**4.** Tá deich scannán déanta aige le trí bliana anuas. " Tá siad ag caitheamh airgid liom chun scannán a dhéanamh," ar sé. Chuir an t-aisteoir iomráiteach Al Pacino an chomhairle air gan glacadh ach le scannáin/drámaí a thaitníonn leis. Cé go bhfuil cáil mhór air i Hollywood, tá an-mheas go deo ag Colin ar Éirinn agus ar mhuintir na hÉireann. Nuair a bhíonn am saor aige filleann sé ar a theach sa Bhaile Gaelach. "Táim ábalta dul in áit ar bith ar domhan agus a rá gur Éireannach mé agus is maith liom sin. Is daoine iontach flaithiúil iad na hÉireannaigh. Tá an greann ag baint leo. Ní ghlacann siad go ró-dháiríre leis an saol. Tá sé iontach a bheith i do Éireannach".

(i) Cén post a bhí ag athair Cholin **agus** cén fáth nár thaitin an post sin le Colin (*Alt 1*)? (10 marc)

(ii) Conas atá a fhios againn gur thaitin an aisteoireacht go mór leis nuair a bhí sé san Astráil (*Alt 2*)? (10 marc)

(iii) In *Alt 3* deir sé go raibh "an t-ádh" air. Luaigh **dhá rud** atá san alt sin a thaispeánann go raibh an t-ádh air. (10 marc)

(iv) Cén chomhairle a chuir an t-aisteoir Al Pacino ar Cholin (*Alt 4*)? (10 marc)

(v) " Tá an-mheas go deo ag Colin ar Éirinn agus ar mhuintir na hÉireann" a deirtear in *Alt 4*. Luaigh **dhá rud** atá san alt sin a thaispeánann é sin. (10 marc)

## B – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.


### AMÚ LE HECTOR

**1.** Tá clú agus cáil bainte amach ag **Hector Ó hEochagáin**, an fear óg as an Uaimh i gCo. na Mí mar gheall ar na cláir Ghaeilge a bhíonn ar siúl aige ar TG 4. D'fhoghlaim Hector a chuid Gaeilge i Ráth Cairn agus d'fhreastail sé ar an gcoláiste Gaeilge ansin go raibh sé ocht mbliana déag d'aois. Tar éis na hArdteistiméireachta chuaigh sé chuig Coláiste na Tríonóide. D'imigh sé as an ollscoil mar nár thaitin saol na hollscoile leis agus toisc nár éirigh leis sna scrúduithe.

**2.** Ansin d'imigh sé leis go dtí an Spáinn lena chailín chun Spáinnis a fhoghlaim. D'fhill sise abhaile ach d'fhan Hector ann trí bliana tar éis don chailín bailiú léi! D'fhoghlaim sé an Spáinnis go han-mhaith agus anois tá a chuid Spáinnise chomh maith lena chuid Gaeilge. Chaith sé bliain in Inis Meáin, Árainn, rud a chabhraigh leis chun feabhas a chur ar a chuid Gaeilge.

**3.** Ag an am sin, níor cheap sé go mbeadh baint ar bith ag an nGaeilge lena chuid oibre ná go mbeadh sé ag déanamh airgid aisti. Ach, tá sé an-bhródúil as an nGaeilge. "Is Éireannach mise. Is maith liom an sean-nós, an rince, na seiteanna agus an ceol traidisiúnta. Is breá liom an Ghaeilge. Mura bhfuil do theanga agat, níl aon rud agat!" a deir Hector. Tá sé an-dóchasach faoin nGaeilge. "Tá ag éirí leis an nGaeilge mar tá i bhfad níos mó daoine sásta í a labhairt anois ná mar a bhí."

**4.** Is beag cúinne den domhan nach bhfuil siúlta aige. Bíonn go leor oibre le déanamh chun na cláir *Amú i Meiriceá, Amú san Eoraip, Amú san Áis* agus *Amú Amigos* a dhéanamh. Tá trí chathair is daichead feicthe aige de bharr na gclár sin. Tá trí eitilt is fiche déanta aige do chlár na bliana seo amháin. Tá dhá cheann is seachtó



déanta i rith na tréimhse atá caite aige ag obair ar na cláir. Ní fheictear ar an teilifís an taighde agus an obair phleanála a theastaíonn chun a leithéid de thaisteal a dhéanamh taobh istigh de thrí mhí gach bliain. Bíonn cuma ar na cláir go dtarlaíonn rudaí de thimpiste ach bíonn gach rud pleanáilte roimh ré!

**5.** Is rud tábhachtach é do Hector go mbeadh daoine nach labhraíonn Gaeilge ag féachaint ar a chláir chomh maith le daoine a bhfuil Gaeilge acu. Tá obair mhór ar siúl ag Hector ar son na Gaeilge. Éiríonn leis daoine nár bhain úsáid as an nGaeilge a mhealladh chun féachaint ar a chlár féin agus ar TG 4. Bíonn sult agus spraoi ag baint lena chláir Ghaeilge. Rudaí nua-aimseartha a bhíonn sna cláir aige agus éiríonn leis daoine óga a mhealladh chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge dá bharr.

(i) Cén fáth ar imigh Hector as an ollscoil (*an chéad alt*)? Luaigh **dhá** fháth. (10 marc)

(ii) Conas a chabhraigh an bhliain a chaith sé in Inis Meáin leis (*an dara halt*)? (10 marc)

(iii) "Tá ag éirí leis an nGaeilge" a deir sé sa *tríú halt*. Cén fáth a ndeir sé é sin? (10 marc)

(iv) "Bíonn go leor oibre le déanamh chun na cláir a dhéanamh" a deirtear sa *cheathrú halt*. Luaigh **dhá** rud sa cheathrú halt a thaispeánann é sin. (10 marc)

(v) Luaigh **rud amháin** atá sa *chúigiú halt* a thaispeánann go bhfuil 'obair mhór ar siúl ag Hector ar son na Gaeilge'. (10 marc)

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN